*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*
*An Cathaoirleach*

5.9.2024

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 - na ranna uile (2024/0176(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Iúil 2024, chinn Coiste EMPL an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 4 Meán Fómhair 2024 agus ghlac sé a thuairim i bhfoirm litreach, arna tarraingt suas faoi stiúir rapóirtéir EMPL don tuairim Romana TOMC, ag an gcruinniú sin[1]. Chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

Le dea-mhéin,

Li Andersson

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Jagna Marczułajtis-Walczak (an dara Leas-Chathaoirleach), Katrin Langensiepen (an 3ú Leas-Chathaoirleach), Romana Tomc (rapóirtéir don tuairim), Elena Donazzan, Chiara Gemma, Marlena Maląg, Georgiana Teodorescu (thar ceann ECR), Petar Volgin (thar ceann ESN), Jan-Peter Warnke, Maria Zacharia (thar ceann NI), Nikola Bartůšek, Marie Dauchy, Mélanie Disdier (thar ceann PfE), Maravillas Abadía Jover, Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Niels Geuking, Christophe Hansen, Isabelle Le Callennec, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Liesbet Sommen (thar ceann PPE), Grégory Allione, Irena Joveva, Jana Toom, Marie-Pier Veredrennec, Brigitte van Bergfor Renew), Marc Angel, Gabriele Bischoff, Estelle Ceulemans, Isilda Gomes, Marit Maij, Idoia Mendia Cueva, Roxana Mînzatu, Evelyn Regner, Cecilia Strada, Raffaele Topo, Marianne Vind (thar ceann S&D), Konstantinos Arvanitis, Leila Chaibi, Per Clausen, Catarina Martins (thar ceann The Left), Isabella Tovaglieri agus Alexandre Varaut (thar ceann PfE de bhun Riail 209(7)) agus Loucas Fourlas (thar ceann PPE de bhun Riail 209(7)).

## TUAIRIM

1. Leagann Coiste EMPL béim ar na dúshláin atá roimh mhuintir na hEorpa faoi láthair, go háirithe an méadú atá ag teacht ar an gcostas maireachtála, an boilsciú go háirithe praghsanna arda fuinnimh, bia agus tithíochta, as a n-eascraíonn leochaileachtaí atá ag dul i méid, neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha atá ag dul i méid, agus bochtaineacht atá ag dul i méid agus in olcas chomh maith leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta agus go háirithe éifeacht dhíreach imeachtaí adhaimsire, a bhfuil tionchar diúltach acu ar thírdhreach socheacnamaíoch an Aontais agus ar dhálaí oibre agus maireachtála chomh maith le sláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí san Eoraip, rud a chuireann an fás inbhuanaithe agus an fhostaíocht i mbaol. Tugann an Coiste chun suntais go mbeidh freagairt bhuiséadach láidir agus chomhchuimseach ag teastáil in 2025, i bhfianaise an chomhthéacs sin, an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus an athraithe dhéimeagrafaigh, agus dá bhrí sin, cuireann sé in iúl gur cúis imní dó na corrlaigh an-teoranta agus na solúbthachtaí atá fós ar fáil sa Dréachtbhuiséad agus iarrann sé go gcuirfí acmhainní leormhaithe ar fáil do bheartais fostaíochta agus shóisialta an Aontais lena n-áiritheofar go dtabharfar tús áite do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR) agus do bhaint amach spriocanna Dhearbhú Porto.

2. Creideann Coiste EMPL go bhfuil sé ríthábhachtach tuarastail a mhéadú agus pá cóir agus cuibhiúil a chur chun cinn agus bochtaineacht ag an obair a chomhrac chun na dúshláin sin a shárú.

3. Meabhraítear do Choiste EMPL Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an 4 Márta 2021, lena n-áirítear príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le poist, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, Dearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021 maidir le gnóthaí sóisialta a ghlac Comhaltaí na Comhairle Eorpaí, an Dearbhú Tríthaobhach maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach faoi Bhagairt, agus Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

4. Thairis sin, meabhraíonn Coiste
EMPL gurb é is aidhm do Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go mbainfidh an tAontas spriocanna sonracha amach faoi 2030, lena n-áirítear 78 % ar a laghad de dhaoine aonair idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe, lena n-áirithítear go nglacfaidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile páirt in oiliúint in aghaidh na bliana, agus go laghdófar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta go 15 mhilliún ar a laghad, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh. Mar sin féin, tá sé ag éirí níos dúshlánaí fiú na spriocanna sin a bhaint amach i gcomhthéacs na méaduithe réamh-mheasta ar an mbochtaineacht agus ar an dífhostaíocht mura rud é go bhfuil iarrachtaí sonracha agus tacaíocht shonrach dírithe ar an mbrú atá ar chórais cosanta sóisialta faoi láthair a mhaolú agus ar thionchar sóisialta na géarchéime a mhaolú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus dálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú do chách, le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha ar ardchaighdeán amhail sláinte, oideachas agus tithíocht.

5. Cuireann Coiste EMPL in iúl go bhfuil Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+) ar cheann de

na príomhspreagthaí chun gné shóisialta an Aontais a neartú agus, dá bhrí sin, cuireann sé in iúl gur cúis imní ar leith dó an laghdú ar an gcuid de CSE+ a bhainistítear go díreach mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), rud a laghdaíonn na hinfhaighteachtaí agus na deiseanna le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta i gcomhréir le CSE+ a chistítear go leordhóthanach i bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar an gcostas maireachtála agus an tionchair a bhíonn aige ar oibrithe agus ar a dteaghlaigh. Leagann an Coiste béim freisin ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), agus iarrann sé ar na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as an gcistiú laghdaithe atá ar fáil, chomh maith leis na caibidlí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus Repower EU, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), caibidil 5 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, CFRE agus clár InvestEU.

6. Leagann Coiste EMPL béim ar a thábhachtaí atá an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) de CSE+ chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht shóisialta agus chun soghluaisteacht an lucht saothair a spreagadh agus is oth leis an laghdú suntasach a rinne an Chomhairle ar an líne bhuiséid sin. Áitíonn an Coiste go gcuirfear an líne bhuiséid sin ar ais chuig an bhfigiúr a mhol an Coimisiún ina dhréachtbhuiséad.

7. Cuireann Coiste EMPL in iúl gur cúis imní dó rátaí dífhostaíochta san Aontas, cé go bhfeicimid ganntanas lucht saothair i roinnt earnálacha, agus tathantaíonn sé ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt don chomhrac i gcoinne dhífhostaíocht na hóige agus daoine faoi mhíchumas chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil chun ganntanais scileanna i margadh an tsaothair a chomhrac, agus tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana a ghiaráil. Aithníonn an Coiste an ról lárnach atá ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint (VET) agus ag cúrsaí oiliúna íoctha maidir le haistriú daoine óga chuig an bhfostaíocht, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh ina gcáilíocht lena n-áirítear dálaí oibre cuibhiúla agus tarraingteacht trí CSE+ agus i Ráthaíocht threisithe don Aos Óg.

8. Cuireann Coiste EMPL i bhfáth a thábhachtaí atá beartais agus bearta chun tacú leis an aistriú i margadh an tsaothair agus a riachtanaí atá sé iomaíochas ár ngeilleagar a neartú i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tugann sé chun suntais ról an Chiste um Aistriú Cóir maidir le tacú le hoibrithe, leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus leis an mbeartas comhtháthaithe agus a thábhachtaí atá siad chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta an aistrithe, go háirithe bonneagar sóisialta náisiúnta a chruthú agus tacaíocht a thabhairt do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú agus líontán sábhála á áirithiú dóibh siúd atá fágtha ar lár agus iarrann sé go gcuirfí dlús lena gcur chun feidhme.

9. Measann Coiste EMPL gur saincheist thábhachtach eile den bheartas sóisialta í an mheabhairshláinte ag an obair. Chuir an phaindéim dlús le réaltachtaí nua agus le cineálacha nua oibre a eascraíonn as an digitiú, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), éiginnteacht fostaíochta agus neamhshláine, bainistiú algartamach agus cultúr 'ar siúl i gcónaí', lena dtugtar idir dheiseanna agus dúshláin do mhargadh an tsaothair agus don chothromaíocht oibre is saoil. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Choiste an tionscnamh ón gCoimisiún chun cur chuige cuimsitheach a sheoladh i leith na meabhairshláinte, chomh maith leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an

meabhairshláinte agus obair fhorbhásach agus an tiomantas chun an ceart chun dícheangail a rialáil.

10. Measann Coiste EMPL go bhfuil sé ríthábhachtach eisiamh an lucht saothair a chomhrac mar thoradh ar thréimhsí níos faide saoire breoiteachta de bharr galair thromchúiseacha neamhtheagmhálacha amhail ailse, galair chardashoithíocha, diaibéiteas, galair riospráide ainsealacha, meabhairshláinte agus neamhoird néareolaíocha, chomh maith le galair réamatacha agus mhatánchnámharlaigh. Dá bhrí sin, iarrann sí go mbeadh tionscnaimh ann lena ndíreofaí ar oiriúnú an ionaid oibre, ar dhálaí oibre solúbtha agus ar straitéisí chun tacú le filleadh oibrithe tar éis neamhláithreachta níos faide.

11. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir gur ceart bunúsach é an ceart chun oibre agus fostaíochta a chumhdaítear in Airteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD). Tugann sí dá haire, áfach, nach bhfuil ach 50.6 % de dhaoine faoi mhíchumas fostaithe ar leibhéal an Aontais, i gcomparáid le 74.8 % de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbunófaí Ráthaíocht Fostaíochta agus Scileanna do Dhaoine faoi Mhíchumas chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair oscailte.

12. Measann Coiste EMPL go bhfuil infheistíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, san athsciliú agus san uas-sciliú ríthábhachtach chun tacú le hoibrithe tríd an aistriú glas agus digiteach agus chun iomaíochas agus athléimneacht inbhuanaithe an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear i gcoinne suaití seachtracha. Measann an coiste freisin gur codanna tábhachtacha den straitéis Eorpach iad an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus seoladh na nAcadamh um an Tionscal Glan-nialasachta faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar riachtanais scileanna.

13. Leagann Coiste EMPL béim ar an ról lárnach a bheidh ag na hAcadaimh maidir le heolas agus scileanna a scaipeadh i ndáil le teicneolaíochtaí glan-nialasachta ar féidir leo feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais agus ar a sheasamh domhanda i dtionscail ghlan-nialasachta.

14. Meabhraíonn Coiste EMPL tiomantas an Aontais ról na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn agus an t-idirphlé sóisialta a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 152 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leagann sé béim ar an ngá atá le tacaíocht leormhaith a áirithiú don idirphlé sóisialta agus d’acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta, chomh maith leis an ngá atá le tacaíocht leormhaith a ráthú do bhearta faisnéise agus oiliúna do cheardchumainn, lena n-áirítear i dtíortha aontachais. Dá bhrí sin, tá sé i gcoinne an laghdaithe i gcomparáid leis na blianta roimhe sin do na línte buiséid sin i mbuiséad 2025.

15. Seasann Coiste EMPL do bheartais teaghlaigh agus do bheartais shóisialta agus do mhaoiniú feabhsaithe chun cabhrú le leanaí saol níos fearr a fháil agus cothromaíocht oibre is saoil a áirithiú do gach oibrí. Aithníonn CESE an ról ríthábhachtach atá ag

sochair theaghlaigh agus linbh, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha, mar chuid de chórais cosanta sóisialta atá cothrom agus cuimsitheach, ar gá iad a chur in oiriúint d'éagsúlacht na socruithe teaghlaigh agus rochtain thráthúil ar chosaint shóisialta agus tacaíocht leormhaith a chur ar fáil do chách de réir chleachtais na mBallstát. Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar rátaí bochtaineachta leanaí, iarrann an Coiste an athuair go méadófaí go práinneach cistiú na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí agus an gá atá le buiséad tiomnaithe a chruthú. Meabhraíonn an Coiste freisin a sheasamh gur cheart do na Ballstáit uile 5 % ar a laghad d'acmhainní CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a úsáid chun gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun bochtaineacht leanaí a chomhrac agus chun tacú le cur chun feidhme na Ráthaíochta do Leanaí, agus leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí eile cistiúcháin atá ann cheana faoi bhuiséad an Aontais, amhail ReactEU agus RRF chun bochtaineacht leanaí a dhíothú. Cuireann sí i dtábhacht a thábhachtaí atá an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí chun cearta bunriachtanacha agus príomhsheirbhísí a chosaint.

16. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir go bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha roimh an Aontas mar gheall ar aosú an daonra mar gheall ar rátaí ísle torthúlachta agus ionchas saoil leathnaithe. Ina theannta sin, is díol sásaimh di an Straitéis Eorpach um Chúram agus iarrann sí go dtabharfaí cistiú leormhaith di i mbuiséad 2025. Tá an Coiste ag iarraidh go mbeadh tuilleadh tionscnamh ann chun tacú le cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena ndálaí oibre agus lena gcothromaíocht oibre is saoil. Mar sin féin, tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí freagairtí láidre beartais chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shochaíocha an athraithe dhéimeagrafaigh.

17. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir go bhfuil níos mó rioscaí tearcfhostaíochta, dífhostaíochta agus sóisialta os comhair na mban. Chun an sprioc fostaíochta ó Dhearbhú Porto a bhaint amach, tá gá le spriocanna náisiúnta uaillmhianacha chun mná a áireamh sa lucht saothair. Iarrann CESE go ndéanfaí buiséad  a fhreagraíonn do chúrsaí inscne a phríomhshruthú chun beartais agus gníomhaíochtaí a ailíniú ar bhealach níos fearr lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht chomhionann, chomh maith le pá comhionann, pinsean comhionann agus cóir chomhionann na mban i margadh an tsaothair.

18. Cuireann Coiste EMPL in iúl gur geal leis go bhfuil tuilleadh forbartha déanta ag an gCoimisiún ar mhodheolaíocht chun caiteachas a bhaineann le comhionannas inscne a rianú in CAI 2021-2027, ina mbreathnaítear ar cheapadh beartais agus ar leithdháileadh acmhainní agus go háirithe cur i láthair maidir le measúnuithe tionchair inscne ex-post ar leibhéal níos mionsonraithe agus tuairisciú ar mhéideanna; Is oth leis an gCoiste go léirítear sna chéad torthaí ar an rianú sin neamhdhóthanacht chaiteachas an Aontais i ndáil leis sin, agus nach bhfuil tionchar dearfach díreach ach ag EUR 19 milliún de bhuiséad an Aontais ar mhná agus iarrann sé ar an gCoimisiún measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar an tionchar inscne agus a éascú go mbeidh na sonraí ábhartha uile ar fáil don rianú.

19. Iarrann Coiste EMPL ar an gCoimisiún modheolaíocht rianaithe níos mionsonraithe a sholáthar le haghaidh caiteachas ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) laistigh de bhuiséad sóisialta AE bunaithe ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Scórchlár Sóisialta agus táscairí folláine a thíolacadh chun tionchar foriomlán ionstraimí éagsúla an Aontais a thomhas.

20. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir gur éirigh go maith leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) sa chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus iarrann sé freisin ar an gCoimisiún cur le hionstraim SURE chun tacú le scéimeanna náisiúnta chun fostaíocht a chosaint agus ioncaim oibrithe a chaomhnú ar féidir iad a ghníomhachtú go sealadach nuair a tharlaíonn suaitheadh eacnamaíoch i gcuid den Aontas.

21. Áitíonn Coiste EMPL a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sa chuimsiú sóisialta agus i mbearta, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha, chomh maith le grúpaí díothacha agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Iarrann sé arís ar straitéis uileghabhálach frithbhochtaineachta. Cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart tionscnaimh nua agus bhreise a áireamh sa straitéis sin chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus chun sprioc 2030 maidir leis an mbochtaineacht a bhaint amach. Meabhraíonn sé don Aontas freisin a thiomanta atá sé deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030 agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála gach duine atá ina gcónaí san Aontas, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí sóisialta i ndálaí maireachtála agus oibre trí infheistíocht shóisialta, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta leormhaithe agus seirbhísí riachtanacha, cúram sláinte ar ardchaighdeán agus córais sláinte poiblí dea-fheidhmiúla le pearsanra cúraim sláinte leordhóthanach. I ndáil leis sin, áitíonn an Coiste nach mór do na rialacha lena rialaítear úsáid chaiteachas agus chistí an Aontais comhlíonadh na gceart sóisialta agus na bprionsabal daonlathach is airde a áirithiú agus a fheabhsú, a ailíniú le gealltanais agus cuspóirí sóisialta AE, agus le cearta bunúsacha oibrithe. Meabhraítear dó an oibleagáid maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh de réir Rialachán CSE+ agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus iarrann sé go mbeadh forálacha ann nach gceadófar airgead poiblí ach do na fostóirí sin a urramaíonn cearta oibrithe agus na dálaí oibre is infheidhme.

22. Cuireann Coiste EMPL in iúl gur cúis imní dó staid na rochtana ar thithíocht inacmhainne atá ag dul in olcas ar fud an Aontais. I ndáil leis an méid sin, is geal léi tiomantas Uachtarán an Choimisiúin Plean Tithíochta Inacmhainne Eorpach a thíolacadh, lena n-áireofar tacaíocht agus infheistíochtaí chun tithíocht bhreise inacmhainne a chruthú. Tathantaíonn sé ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh leis an tithíocht mar cheann de na tosaíochtaí is mó atá aige. Tathantaíonn sé freisin ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as cistí an bheartais chomhtháthaithe atá ar fáil le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne.

23. Meabhraíonn Coiste EMPL an obair bhunriachtanach a dhéanann na cúig ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá gníomhach i réimsí an bheartais shóisialta agus fostaíochta, eadhon an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), an Foras Eorpach um Dhálaí Maireachtála agus Oibre (Eurofound), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP) agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF). Measann sé nach mór foireann chuí agus acmhainní leormhaithe a bheith ag na gníomhaireachtaí sin, agus boilsciú á chur san áireamh, ionas gur féidir leo a sainordú a chomhlíonadh, a gcuspóirí a bhaint amach agus a gcúraimí atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-úsáidfear saineolas na ngníomhaireachtaí i gcás inar féidir cistí an Aontais a chaitheamh ar bhealach níos

éifeachtúla i gcomparáid le réitigh mhalartacha. Áirítear leis sin rochtain ar chláir amhail Fís Eorpach do na gníomhaireachtaí a bhfuil próifíl shoiléir taighde acu agus maoiniú dúbailte a ngníomhaíochtaí rialta á sheachaint.

24. Athdhearbhaíonn Coiste EMPL gur iarr sé roimhe seo go dtacófaí leis an iarraidh ó ELA go ndéanfaí poist mar ghníomhairí sealadacha de 15 phost de shaineolaithe náisiúnta ar iasacht agus go ndéanfaí dhá phost bhreise do ghníomhairí conarthacha - gan tionchar ar an mbuiséad, d'fhonn a bheith in ann na hacmhainní foirne is gá a mhealladh agus a choinneáil chun a chúraimí a chomhlíonadh agus sciar na SNEnna ar fhoireann ELA a thabhairt níos gaire do staid chaighdeánach ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

25. Meabhraíonn Coiste EMPL go bhfuil treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin ríthábhachtach chun tionscnaimh bheartais nua a thástáil i réimse na fostaíochta agus an chuimsithe shóisialta. Meabhraíonn sé, áfach, go bhfuil an measúnú orthu daingnithe sa Chomhaontú Idirinstitiúideach agus iarrann sé ar an gCoimisiún an athuair meastóireacht a dhéanamh ar thograí le haghaidh treoirthionscadal nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin ar bhealach neamhchlaonta agus ar bhonn measúnú dlíthiúil agus ar bhonn measúnú airgeadais ar bhealach a léiríonn fiúntas na dtograí. Cuireann sé a díomá in iúl arís agus arís eile maidir le cáilíocht na measúnuithe ar na tograí le blianta beaga anuas agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis an idirphlé leis an bParlaimint maidir leis an gcaoi a bhféadfadh smaointe nuálacha a bheith incháilithe agus aiseolas agus mínithe mionsonraithe, níos soiléire agus níos trédhearcaí a thabhairt ar a mheasúnuithe. Meabhraíonn sé freisin nach mór go ndéanfaí na treoirthionscadal nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin arna nglacadh a chur chun feidhme ar bhealach atá dílis i gcónaí don togra a glacadh.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.